# VACSAÍNÍ DO DO PHÁISTE

## Eolas agus faisnéis do thuismitheoirí agus caomhnóirí a tháinig go hÉirinn ón Úcráin

### Maidir leis an mbileog seo

Tugtar eolas faoi vacsaíní do do pháiste sa bhileog seo. Cuidíonn vacsaíní le do pháiste a bheith sláintiúil trí iad a chosaint ar ghalair thógálacha inchoiscthe.

### Cén fáth a baineann tábhacht le vacsaíní?

Cosnaíonn vacsaíní leanaí ó ionfhabhtuithe a d'fhéadfadh a bheith an-tromchúiseach. Is iad leanaí an-óga is mó atá i mbaol ó na hionfhabhtuithe sin, mar sin cuirtear tús le vacsaíní a thabhairt chomh luath agus is féidir.

In Éirinn, tosaíonn sceideal na vacsaíní ag 2 mhí d'aois agus tugtar na vacsaíní molta thar **5 chuairt** ar do dhochtúir teaghlaigh nuair a bhíonn do leanbh **2, 4, 6, 12 agus 13 mhí d'aois.**

Cosnaíonn vacsaíní a thugtar do leanaí in Éirinn iad ar ionfhabhtuithe atá coitianta nó an-tromchúiseach in Éirinn. D'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann idir galair atá coitianta in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile.

### Cad iad na vacsaíní a mholtar in Éirinn?

Moltar vacsaíní a thabhairt do pháistí chun iad a chosaint ar ionfhabhtuithe atá coitianta in Éirinn nó a d'fhéadfadh a bheith an-tromchúiseach.

| Aois | | Vacsaíniú |
|---|---|---|
| 2 mhí | Cuairt 1 | 6 in 1+PCV+MenB+Rótavíreas<br>3 Instealladh + Braonta Béil |
| 4 mhí | Cuairt 2 | 6 in 1+MenB+Rótavíreas<br>2 Instealladh + Braonta Béil |
| 6 mhí | Cuairt 3 | 6 in 1+PCV+MenC<br>3 Instealladh |
| 12 mhí | Cuairt 4 | MMR+MenB<br>2 Instealladh |
| 13 mhí | Cuairt 5 | Hib/MenC+PCV<br>2 Instealladh |

**Giorrúcháin Vacsaíní**

6 in 1 - Vacsaín do Dhiftéire, Haemophilus Influenzae b (Hib), Heipitíteas B, Triuch éigeallach, Póilió neamhghníomhach, Teiteanas
MenB - Vacsaín mheiningeacocúil B athchuingreach
Rotavirus - Vacsaín bhéil rótaivíris
PCV - Vacsaín chomhchuingeach niúmacocúil
MenC - Vacsaín chomhchuingeach mheiningeacocúil C
MMR - Vacsaín do bhruitíneach, leicneach, bruitíneach dhearg
Hib/MenC - Vacsaín chomhchuingeach Haemophilus Influenzae b/Mheiningeacocúil C

### Cad iad na vacsaíní a mholtar san Úcráin?

San Úcráin, tairgtear vacsaíní do pháistí roimh 12 mhí d'aois chun Eitinn, Diftéire, Teiteanas, Triuch, Póilió, Haemophilus influenzae, Heipitíteas B. Ó 12 mhí d'aois, tairgtear vacsaíní MMR agus Haemophilus influenzae dóibh.

### Cad iad na difríochtaí idir na vacsaíní a thugtar san Úcráin agus na vacsaíní a thugtar in Éirinn?

In Éirinn, faigheann páistí vacsaíní breise chun cosaint ar rótaivíreas, meiningeacocúil C agus meiningeacocúil B mar gheall ar ardriosca na ngalar seo in Éirinn.

### Ní bhfuair mo leanbh roinnt vacsaíní san Úcráin? Cad iad na vacsaíní ar cheart do mo leanbh a fháil anois?

Mura bhfuair do leanbh roinnt vacsaíní san Úcráin tá sé tábhachtach go bhfaighidh sé na vacsaíní seo in Éirinn. Mar shampla tugann an vacsaín MMR cosaint do leanaí ó bhruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg. Is féidir leis na hionfhabhtuithe seo a bheith an-tromchúiseach. Is féidir leis an mbruitíneach a bheith ina cúis le niúmóine, agus athlasadh na hinchinne (einceifealaíteas).

### Cad iad na difríochtaí idir na vacsaíní a thugtar san Úcráin agus na vacsaíní a thugtar in Éirinn?

In Éirinn, faigheann páistí vacsaíní breise chun cosaint ar rótaivíreas, meiningeacocúil C agus meiningeacocúil B mar gheall ar ardriosca na ngalar seo in Éirinn.

### Fuair mo leanbh a vacsaíní go léir san Úcráin, cad iad na vacsaíní eile a mholtar do mo leanbh anseo in Éirinn?

**Má tá do leanbh níos óige ná 8 mí moltar**

- vacsaín bhéil rótaivíris a thabhairt dó

**Má tá do leanbh níos óige ná 12 mhí moltar**

- vacsaín mheiningeacocúil C agus
- vacsaín mheiningeacocúil B a thabhairt dó

**Má tá do leanbh níos sine ná 12 mhí moltar**

- vacsaín MMR (an bhruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg),
- vacsaín mheiningeacocúil C
- vacsaín mheiningeacocúil B (suas go dtí aois 2 bhliain) agus
- vacsaín niúmacocúil (suas go dtí aois 2 bhliain) a thabhairt dó

## Cad iad na galair a dtugann na vacsaíní breise seo cosaint do do leanbh ina gcoinne?

**Vacsaín bhéil rótaivíris**

**I**onfhabhtú víreasach is ea rótaivíreas atá ina chúis le buinneach agus cur amach i naíonáin agus i bpáistí óga. Tiocfaidh formhór na bpáistí chucu féin sa bhaile, ach is gá do roinnt páistí dul chuig an ospidéal.
Glacadh thart ar 880 páiste faoi bhun 5 bliana d'aois isteach san ospidéal le hionfhabhtú rótaivíris gach bliain in Éirinn sular tugadh isteach an vacsaín rótaivíris. Tá laghdú suntasach tagtha ar an líon sin ó tugadh isteach an vacsaín rótaivíris.

**Vacsaín mheiningeacocúil B (MenB)**

Cabhraíonn an vacsaín MenB le do pháiste a chosaint ar ghalar meiningeacocúil B. Ionfhabhtú baictéarach tromchúiseach is ea é seo atá ina chúis le meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn) agus le seipticéime (nimhiú fola).
Is é galar meiningeacocúil B atá ina chúis le formhór na n-ionfhabhtuithe agus na mbásanna de bharr meiningítis i measc páistí óga in Éirinn.

**Vacsaín mheiningeacocúil C (MenC)**

Cuidíonn an vacsaín MenC le do pháiste a chosaint ar ghalar meiningeacocúil C. Is ionfhabhtú baictéarach tromchúiseach é seo freisin a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le meiningíteas (athlasadh ar an líneáil timpeall na hinchinne) agus seipticéime (nimhiú fola).

## Cad iad fo-iarmhairtí na vacsaíní seo?

Níor cheart go mairfeadh fo-iarmhairtí tar éis na vacsaíní ach ar feadh cúpla lá.

Tar éis na vacsaíne béil rótaivíris a fháil, d'fhéadfadh buinneach éadrom a bheith ar do pháiste.
Is annamh a bhíonn pian sa bholg nó gríos air.

Tar éis na **vacsaíne MenB** d'fhéadfadh fiabhras a bheith ar do pháiste (teocht ard) nó b'fhéidir go mbeadh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh. Uaireanta bíonn fiabhras an-ard ar pháistí.

Tar éis na **vacsaíne MenC** d'fhéadfadh míchompord, deargadh agus at a bheith ar do pháiste san áit ar tugadh an t-instealladh nó d'fhéadfadh fiabhras a bheith air nó b'fhéidir go mbeadh sé cantalach.

## Cá bhfaighidh mo pháiste a vacsaíní?

In Éirinn, cuireann dochtúirí teaghlaigh vacsaíniú ar fáil do pháistí.

## Conas a dhéanaim coinne?

Beidh ort dochtúir teaghlaigh a aimsiú. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi conas dochtúir teaghlaigh a aimsiú faoi www2.hse.ie/services/find-a-gp/

## Cad a tharlaíonn ag an gcuairt vacsaínithe?

Sula dtabharfar vacsaíní do do leanbh, labhróidh an dochtúir teaghlaigh nó an t-altra cleachtais leat faoi na vacsaíní atá de dhíth ar do leanbh agus faoi gach vacsaín lena mbaineann ina dhiaidh sin.

Tá sé tábhachtach aon taifead vacsaínithe atá agat do do leanbh a thabhairt leat nuair a théann tú chuig an gclinic vacsaínithe.

## An gcaithfidh mé íoc as vacsaíniú?

Ní chaithfidh, tá vacsaíniú saor in aisce in Éirinn.

## An moltar aon vacsaíní do pháistí níos sine?

Nuair a bhíonn páistí ar scoil moltar vacsaíní a thabhairt dóibh.

**Sna Naíonáin Bheaga (5 bliana d'aois)**

Cuirtear vacsaíní MMR agus teanndáileog de vacsaíní Diftéire, Teiteanais, Treacha agus Póilió ar fáil ar scoil.

**Sa chéad bhliain den mheánscoil (12 bhliain d'aois)**

Cuirtear na vacsaíní HPV, MenACWY (meiningeacocúil ACWY) agus teanndáileog de vacsaíní Diftéire, Teiteanais, Treacha ar fáil ar scoil.

## Tá roinnt ceisteanna agam maidir le vacsaíniú, cé leis ar féidir liom labhairt?

Má tá ceisteanna agat faoi na vacsaíní do do pháiste, is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh nó altra cleachtaidh.

## Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, is féidir leat dul go www.immmunisation.ie nó an cód QR a scanadh.

Is féidir leat labhairt le gairmí sláinte freisin, ar nós do dhochtúir teaghlaigh nó altra cleachtaidh.

Foilsithe ag an Oifig Náisiúnta Imdhíonta, FSS | www.immunisation.ie | Márta 2023 Leagan 2